Is Clár Teagmhála é seo dóibh siúd a mbaineann uchtáil leo.
Dá thoil féin amháin a ghlacann duine páirt ann.

AN CLÁR NÁISIÚNTAUCHTÁLA UM ROGHA TEAGMHÁLA

THE ADOPTION BOARD
AN BORD UCHTÁLA

Dáilfear an bhileog seo ar theaghlaigh ar fud na tíre

Réamhrá

San am atá thart b'eachtra aonair í an uchtáil nár ghá i dtuairim daoine tuilleadh a dhéanamh ina leith ó chuirtí an páiste uchtála faoi chúram na dtuismitheoirí uchtála. Is eol dúinn anois, ar ndóigh, go mbíonn cásanna go leor ann inar mian le tuismitheoirí, idir thuismitheoirí uchtála agus thuismitheoirí nádúrtha, faisnéis a fháil agus/nó go mbeadh teagmháil ar fáil idir daoine. Le blianta beaga anuas tá méadú mór tagtha ar líon na bhfiosruithe a dhéantar faoi fhaisnéis faoi uchtáil agus faoi sheirbhisí loirg. An bhliain seo caite tháinig breis agus 2000 fiosrú chuig an mBord Uchtála ó dhaoine ar bhain uchtáil leo. *Tá sé tábhachtach ar an ábhar sin go mbeadh bealach ann ina bhféadfadh daoine ar bhain uchtáil leo a mianta maidir le teagmháil dheonach leis an té a uchtaíodh, leis na tuismitheoirí nádúrtha, nó le gaolta, de réir mar is gá, a chur in iúl.*

Céard atá sa Chlár Náisiúnta Uchtála um Rogha Teagmhála?

Tá Clár Náisiúnta Uchtála um Rogha Teagmhála á bhunú ag an mBord Uchtála, an ghníomhaireacht náisiúnta rialtais atá ann le haghaidh uchtála. Is é cuspóir an Chláir an bóthar a réiteach do theagmháil idir daoine a uchtaíodh agus a dteaghlaigh nádúrtha.

Dá thoil féin a ghlacfaidh duine páirt san iarracht agus ní chuirfear tús le teagmháil tríd an gClár ach amháin i gcás ina mbeidh an dá pháirtí cláraithe. Cuirfidh an Clár ar do chumas an leibhéal teagmhála is mian leat féin a roghnú. Ar na roghanna a chuirfidh sé ar fáil duit beidh gan aon teagmháil a bheith agat leis an bpáirtí eile san uchtáil más é sin atá uait.

Cé aige/aici a mbeidh teacht ar an bhfaisnéis a bheas ar an gClár Náisiúnta Uchtála um Rogha Teagmhála?

Is é an Bord Uchtála a bheas i mbun an Chláir. Ní bheidh ar chumas an phobail é a mhionscrúdú. Stóráilfear an fhaisnéis ar bhunachar slán sonraí ríomhairithe agus beidh sí faoi réir ag an Acht um Chosaint Sonraí. Ní bhainfear úsáid as faisnéis a sholáthróidh tú ach chun an bóthar a réiteach don rogha a chuirfidh tú féin in iúl.

Cé aige/aici a mbeidh cead bheith páirteach sa Chlár?

Beidh an Clár Náisiúnta Uchtála um Rogha Teagmhála ann dóibh seo a leanas:

- Daoine a uchtaíodh
- Tuismitheoirí nádúrtha
- Aon ghaol nádúrtha le duine a uchtaíodh

Caithfidh tú bheith ocht mbliana déag d'aois nó os a chionn sin chun go gcuirfear d'ainm ar an gclár

Cairde/Rúnchairde

Mar chara d'fhéadfadh sé go raibh tú ar an rúnchara ba dhlúithe dá raibh ag tuismitheoir nádúrtha le linn di bheith ag iompar clainne. Féadfaidh tú bheith id' fhoinse faisnéise do dhuine a uchtaíodh i gcás ina bhfuil tuismitheoir nádúrtha marbh. Más dóigh leat go bhfuil ar do chumas faisnéis a sholáthar is féidir leat dul i dteagmháil leis an mBord Uchtála agus coinneoidh an Bord do shonraí teagmhála i gcomhad. Má iarrann an duine uchtaithe atá i gceist ar an mBord é/í a chur ar an gClár cuirfidh an Bord é/í ar an eolas faoin bhfaisnéis atá sa chomhad. Is féidir leis an duine uchtaithe a shocrú ansin céard a dhéanfaidh sé/sí leis an bhfaisnéis sin.

Cén chaoi a gcláróidh mé?

Más mian leat d'ainm a bheith ar an gClár líon an fhoirm iarratais atá iniata más é do thoil é agus seol maraon le cineál amháin aitheantais (maidir le cineálacha aitheantais atá inghlactha breathnaigh ar an bhfoirm iarratais) tríd an bpost cláraithe chuig:- **P.O. BOSCA 9957, BAILE ÁTHA CLIATH 4.**

I gcúinsí ar leith b'fhéidir go mbeadh ar dhuine d'fhoireann an Bhord Uchtála teagmháil a dhéanamh leat faoi rún chun roinnt sonraí ar an bhfoirm iarratais a shoiléiriú. Dá gcuirfeadh teagmháil leat ag do sheoladh baile as duit féadfaidh tú seoladh, uimhir theileafóin, uimhir fóin póca, nó seoladh r-phoist eile a thabhairt. De rogha air sin déan teagmháil, más é do thoil é, leis an mBord Uchtála ar Saorfón 1800 309 300 agus beidh áthas orainn modh teagmhála a oireann duitse a shocrú duit.

Cén rogha teagmhála a bheas ar fáil dom?

Tusa a roghnóidh an leibhéal teagmhála le do ghaol is mó a chuirfidh ar do shuaimhneas tú. Tugtar ina dhiaidh seo síos na roghanna éagsúla teagmhála atá ann.

Toilteanach bualadh le duine:

Más mian leat bualadh le duine is féidir leat an rogha seo a dhéanamh. Féadfaidh teacht le chéile bheith an-spreagúil do gach duine a bhíonn i gceist, ach ní mór teagmháil dá leithéid a phleanáil go cúramach agus leor-aird a thabhairt ar ghoilliúnacht chách. D'fhonn tú a ullmhú i gcomhair an chéad choinne tá leabhrán ina bhfuil comhairle faoi bhualadh le chéile ullmhaithe ag an mBord Uchtála agus seolfaidh sé chugat é.

Malartú litreacha/faisnéise, Teagmháil ar an teileafón/ríomhphost:

Dá mba mhian leat baint a bheith agat le duine sula gcinnfeá ar bhualadh leis/léi tá cead agat caidreamh a bheith agat leis/léi trí litir, ríomhphost nó ar an teileafón.

Gan teagmháil a dhéanamh, ach réidh faisnéis leighis a roinnt:

Maidir le daoine a uchtaíodh tá sé ríthábhachtach, go háirithe i gcás daoine a bhfuil páistí dá gcuid féin acu, go mbeadh eolas ar chúlra leighis a muintire ar fáil dóibh, mar braitheann cóir thorthúil ar a lán reachtanna leighis ar eolas dá leithéid. Mholfaimis go mór duit ar an ábhar sin an cur chuige seo a roghnú mura bhfuil tú réidh teagmháil a dhéanamh i láthair na huaire.

Gan teagmháil a dhéanamh, ach réidh faisnéis a roinnt:

Munar mian leat teagmháil dhíreach a bheith agat le duine go fóill is féidir leat roinnt faisnéise pearsanta a sholáthar fút féin. Féadfaidh sé faoiseamh a thabhairt do dhuine nach bhfuil faisnéis ar bith aige/aici a fhios a bheith aige/aici go bhfuil duine beo agus é/í i mbun a s(h)aoil féin.

Gan teagmháil a dhéanamh i láthair na huaire.

D'fhéadfadh a lán cúiseanna a bheith ann nár mhaith leat teagmháil a dhéanamh le do ghaolta i láthair na huaire. Má chuireann an páirtí eile san uchtáil a s(h)onraí ar an gClár áfach agus é/í ag lorg teagmhála leat féadfaidh tú, más é sin is rogha leat, scéala a fháil go discréideach faoi sin. Más mian leat fós féin gan aon teagmháil a dhéanamh déanfar de réir do thola.

Céard a tharlóidh má thograím gan chlárú?

Má thograíonn tú gan chlárú ba chóir go dtuigfeá go mb'fhéidir go mbeidh ar an mBord Uchtála teagmháil a dhéanamh leat i gcúinsí eisceachtúla nó i dtráth práinne nó má chuireann tríú duine tús le lorg. Ina theannta sin caithfidh an Bord Uchtála teagmháil a dhéanamh le máthair nádúrtha chun a dearcadh ar scaoileadh teastais bhreithe chuig duine a uchtaíodh a fháil amach.

D'úsáid Oifige Amháin ☐

Príobháideach agus Faoi Rún

An Clár Náisiúnta Uchtála um Rogha Teagmhála

Iarratas ar chlárú ar an gClár

LÉIGH AN BHILEOG ATÁ INIATA SULA LÍONFAIDH TÚ AN FHOIRM SEO

CUID 1 Do Shonraí

Teideal: Uas./Bn. Uí./Iníon Uí./Mhic .....Réamhainm(neacha) .....

Sloinne .....

Sloinne Roimh Phósadh *(má bhaineann sé leis an scéal)* ..... Dáta Breithe ...DD../MM../YY...

Sonraí Teagmhála:

Ní gá gur leat féin iad an seoladh agus an uimhir theileafóin a thugann tú. Is féidir leat seoladh/uimhir theileafóin cara leat a thabhairt más suaimhní leis an seoladh sin tú.

Seoladh .....

(mar a mbeifear in ann teagmháil a dhéanamh leat)

.....

Uimhir Theileafóin ..... .Uimhir Fóin Póca .....

Seoladh Ríomhphoist .....

An.....

Duine a Uchtaíodh ☐ Máthair Nádúrtha ☐ Athair Nádúrtha ☐

Ball* eile de Theaghlach Nádúrtha ☐ ..... tú?.

*Sonraigh an gaol atá agat leis an teaghlach *(e.g. deartháir, deirfiúr, aintín, uncail,seanathair, seanmháthair)*

Má bhíonn aon athrú ar do shonraí san am atá romhainn cuir a leithéid in iúl dúinn i scríbhinn.

CUID 2 Faisnéis faoin té gur mian leat teagmháil a dhéanamh leis/léi:

Tabhair le do thoil faisnéis ar bith atá agat faoin té gur mian leat teagmháil a dhéanamh leis/léi.

Ainm.....Aois .....Dáta Breithe .../MM../YY...

Mura bhfuil tú cinnte díobh cuir isteach Aois nó Dáta Breithe achomair le do thoil.
Cuir in iúl dúinn le do thoil gur faisnéis achomair atá á cur ar fáil agat.

Má tá aon fhaisnéis eile agat a d'fhéadfadh cabhrú le ceangal idir tusa agus an duine seo a bhunú tabhair anseo í:

.....

.....

.....

.....

.....

.....

.....

.....

CUID 3

Más duine a uchtaíodh tú
An bhfuil tú toilteanach teagmháil a dhéanamh le:

Do Mháthair Nádúrtha? ☐ D'Athair Nádúrtha? ☐ Baill Eile de do Theaghlach Nádúrtha? ☐

Cuid 4

Cén leibhéal teagmhála is mian leat a bheith agat?

✔ Cuir tic sna boscaí cuí mas é do thoil é

☐ Toilteanach bualadh le duine
☐ Teagmháil ar an teileafón
☐ Teagmháil trí ríomhphost
☐ Malartú litreacha/faisnéise
☐ Gan teagmháil, ach toilteanach **faisnéis leighis a roinnt
☐ Gan teagmháil, ach toilteanach **faisnéis chúlra a roinnt
☐ Gan teagmháil i láthair na huaire

***** Roinnt Faisnéise***

Tabhair anseo an fhaisnéis leighis agus/nó chúlra a bhfuil fonn ort a roinnt.
Má bhíonn níos mó spáis uait cuir tuilleadh leathanach leis seo.

.....

.....

.....

.....

.....

.....

.....

.....

.....

.....

An mian leat admháil ar d'iarratas a fháil? Is mian ☐ Ní mian ☐

Má tá tú tar éis Gan Teagmháil a chlárú mar rogha ☐
An mian leat go gcuirfí ar an eolas go discréideach tú má chláraíonn páirtí eile? Is mian ☐ Ní mian ☐

Sínithe .... Dáta ...DD.../...MM.../...YY...

NOTE: ***Is ábhar ríthábhachtach agus rí-íogair é seo dóibh siúd a mbaineann sé leo. Beidh sé de chuspóir ag an mBord Uchtála scéala a dhéanamh leis na húdaráis dhlíthiúla chuí ar aon duine a bhainfidh mí-úsáid as an bhfoirm.***

Seol an fhoirm seo tríd an bpost cláraithe más é do thoil é chuig:
P.O. BOSCA 9957, BAILE ÁTHA CLIATH 4.

Céard a dhéanfar lem'iarratas ar chlárú dom?

Nuair a gheobhaidh an Bord Uchtála d'fhoirm iarratais seiceálfar an bhfuil clárú a thiocfadh léi ann. Má fhaighimid amach go bhfuil macasamhla cláraithe cuirfimid é sin in iúl don dá pháirtí.

Fágfar d'ainm ar an gClár go buan mura socróidh tú é a bhaint de. Is féidir iarraidh ar an mBord Uchtála, i scríbhinn tríd an bpost cláraithe, sonraí atá ar an gClár a bhaint de nó a leasú am ar bith.

D'fhéadfadh comhrá le comhalta de na heagraíochtaí seo a leanas cabhrú leat:

LIMISTÉIR FHEIDHMEANNACHT NA SEIRBHÍSE SLÁINTE (FSS) AGUS GNÍOMHAIREACHTAÍ UCHTÁLA:
Tá mioneolas faoi theagmháil a dhéanamh le Limistéir Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus leis na Gníomhaireachtaí Uchtála éagsúla ar fáil ar ár suíomh gréasáin **www.adoptionboard.ie** nó trí **Shaorfón 1800 309 300 a úsáid**

ADOPTION IRELAND
The Adopted Peoples Association
14 Exchequer Street, Dublin 2.
Tel: 01-679 0011
E-mail: **register@adoptionireland.com**
Website: **www.adoptionireland.com**

ADOPTION LOSS
The Natural Parents Network of Ireland
Po Box 6714, Dublin 4
Advice line only on Sundays 2pm – 4pm
LoCall 1890 2000 46
Email: info@adoptionloss.ie
Website: **www.adoptionloss.ie**

THE ADOPTIVE PARENTS ASSOCIATION

Helen Scott, 40 Fairyhouse Lodge, Ratoath, Co. Meath
Tel: **01-8256961**
E-mail:**scotthelen@eircom.net**

Helen Gilmartin, Roundwood, Bray, Co. Wicklow.
Tel: **0404-45184** Fax: **0404-45700**
E-mail: **apai@eircom.net**

Mura raibh aon bhaint agat go pearsanta le huchtáil, ach go bhfuil aithne agat ar dhuine éigin a raibh dírigh, a aire ar an mbileog seo más é do thoil é.

NÓTAÍ FAOI LÍONADH NA FOIRME IARRATAIS:-

Cruthú aitheantais:- (Cuir isteach fótachóip de chineál amháin de na cineálacha aitheantais a luaitear thíos)

- **Ceadúnas Tiomána (agus ceadúnas sealadach san áireamh)**
- **Pas**
- **Leabhar Pinsin nó Pas Saorthaistil Seanóra**
- **Cárta Sheirbhísí Leasa**
- **Shóisialaigh**
- **Cárta Aitheantais**

Mura bhfuil aon cheann acu sin ar fáil déan teagmháil leis an mBord Uchtála le do thoil.

- Féadfaidh tú an leibhéal teagmhála is fearr leat a athrú am ar bith trí theagmháil a dhéanamh i scríbhinn leis an mBord Uchtála.
- Tá cead agat seoladh eile a úsáid i gcomhair chomhfhreagrais, ach déan socrú faoi sin ar dtús leis an té a chónaíonn ag an seoladh sin más é do thoil é. Is féidir leat ina theannta sin teagmháil a dhéanamh leis an mBord Uchtála chun socruithe eile a dhéanamh
- Caithfidh tú aon athrú a thiocfaidh ar do sheoladh san am atá le teacht a chur in iúl don Bhord Uchtála.
- Caithfidh tú bheith ocht mbliana déag d'aois nó níos mó chun go gcuirfear d'ainm ar an gClár.
- Ba chóir go dtuigfeá go mb'fhéidir go mbeadh ar an mBord Uchtála teagmháil a dhéanamh leat i gcúinsí eisceachtúla nó i dtráth práinne. Ina theannta sin caithfidh an Bord teagmháil a dhéanamh le Máthair Nádúrtha chun a dearcadh ar scaoileadh teastais bhreithe chuig duine a uchtaíodh a fháil amach.

Má bhíonn aon cheist nó ábhar imní agat faoin gClár nó faoi líonadh na foirme iarratais déan teagmháil le
An Bord Uchtála, Teach Shelbourne, Bóthar Shelbourne, Baile Átha Cliath 4.
Saorfón 1800 309 300, ríomhphost adoptioninfo@health.gov.ie
Suíomh gréasaín www.adoptionboard.ie